Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**7939/21**

**SCH-EVAL 47**
**DATAPROTECT 98**
**ENFOPOL 131**
**FRONT 142**
**MIGR 71**
**SIRIS 40**
**VISA 76**
**COMIX 210**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7579/21 + COR 1 (et) |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le feidhmiú shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen (Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí faoi iamh na conclúidí ón gComhairle maidir le feidhmiú shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen (Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle), mar a faomhadh iad tríd an nós imeachta i scríbhinn an 16 Aibreán 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le feidhmiú shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen (Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle)**

AN CHOMHAIRLE

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go bhforáiltear le hAirteagal 70 CFAE maidir le sásra a chur ar bun chun meastóireacht oibiachtúil neamhchlaonta a dhéanamh ar bheartais an Aontais faoi Theideal V den 'limistéar saoirse, slándála agus ceartais' agus gur ionstraim ríthábhachtach é sásra láidir éifeachtach meastóireachta agus faireacháin Schengen (SEMM) chun a áirithiú go gcuirfear *acquis* Schengen i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil, go mbeidh ardleibhéal muiníne frithpháirtí ann idir na Ballstáit i réimse na saorghluaiseachta, ar mhaithe le dea-fheidhmiú limistéar Schengen;

Á MHEABHRÚ DI Clár Oibre an Choimisiúin do 2021 dar teideal *A Union of vitality in a world of fragility* [Aontas beogachta i ndomhan leochaileachta], go háirithe pointe 2.5 *Promoting our European Way of Life* [Slí Eorpach na Beatha a Chur Chun Cinn], agus pointe 34 b d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis)[1], *Amendment of the Regulation establishing the Schengen Evaluation Mechanism* [Leasú ar an Rialachán lena mbunaítear Sásra Meastóireachta Schengen];

IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa ar Fheidhmiú Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle – an Chéad Chlár Meastóireachta Ilbhliantúil (2015-2019)[2];

IS DÍOL SÁSAIMH DI na comhairliúcháin leanúnacha atá ar siúl ag an gCoimisiún mar ullmhúchán do 'Straitéis Schengen' a bheidh ann amach anseo agus don athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle, de réir mar is iomchuí;

IS DÍOL SÁSAIMH DI seoladh Fhóram Schengen, chun limistéar Schengen a bheidh níos láidre agus níos athléimní a thógáil;

[1] 12115/20 + ADD 1
[2] 13378/20 + ADD 1

MEABHRAÍTEAR DI freagracht chomhpháirteach an Choimisiúin agus na Comhairle faoin sásra, ag athdhearbhú di nach mór do bhonn an athbhreithnithe ag piaraí fanacht mar phríomhghné de SEMM;

CUIREANN SÍ I dTREIS an ról ríthábhachtach atá ag an gComhairle agus ag na Ballstáit maidir leis na moltaí a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus athdhearbhaíonn sí gur gá oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun moltaí níos soiléire a sholáthar, agus iad níos straitéisí agus níos dírithe ar easnaimh a dhéanann difear d’fheidhmiú limistéar Schengen;

CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart díriú níos mó ar leigheas tapa na n-easnamh a sainaithníodh le linn an phróisis meastóireachta a áirithiú, go háirithe na heasnaimh sin ar baol iad d’fheidhmiú limistéar Schengen, agus aird ar leith á tabhairt ar chearta bunúsacha a urramú agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí phlé rialta a dhéanamh ar an leibhéal polaitiúil iomchuí;

CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá leis an sásra leantach a atreisiú a thuilleadh chun a áirithiú go gcuirfear na moltaí chun feidhme go héifeachtach agus go tráthúil, *inter alia*, trí ról chomhlachtaí iomchuí na Comhairle a neartú maidir le faireachán a dhéanamh ar an obair leantach, lena n-áirítear clabhsúr a chur ar na pleananna gníomhaíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, i gcéimeanna eile den phróiseas.

IARRANN SÍ ar an gComhairle agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go rialta, ar an leibhéal polaitiúil iomchuí, ar na heasnaimh a aithnítear, ar a dtionchar ar fheidhmiú foriomlán limistéar Schengen gan rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha, agus ar na bearta a dhéantar chun iad a leigheas;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tionscnaimh a chur chun tosaigh ina thogra fógartha le haghaidh athbhreithniú ar SEMM chun an próiseas meastóireachta a shruthlíniú agus a shoiléiriú pé áit ar gá, *inter alia*, maidir le hamlínte, comhchuibhiú agus beartú tosaíochta moltaí, bunaithe ar an tionchar a bheidh acu ar limistéar Schengen ina iomláine, clabhsúr a chur ar an timthriall meastóireachta, feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fhoriomlán, an t-ualach riaracháin a laghdú agus tacaíocht do na Ballstáit a neartú i gcur chun feidhme na moltaí, lena n-áirítear trí thacaíocht ó Ghníomhaireachtaí an Aontais a bhfuil baint dhíreach acu le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen, go háirithe Frontex, laistigh de theorainneacha a sainorduithe faoi seach;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht airgeadais leordhóthanach a áirithiú laistigh den chreat airgeadais agus beartú tosaíochta gníomhaíochtaí a atreisiú d'fhonn na moltaí a chur chun feidhme;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh, i gcomhairle leis na Ballstáit, ar atheagrú na meastóireachtaí agus ar athstruchtúrú na dtuarascálacha ar bhonn na gcritéar ábhartha, d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht i bhfeidhmiú limistéar Schengen ina iomláine;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun a áirithiú go mbeidh saineolaithe ardcháilithe ar fáil do na cuairteanna ar an láthair (mar shampla, trí ghrúpa saineolaithe cáilithe a chur ar bun, cothromaíocht gheografach a áirithiú d'fhoirne ar an láthair, mar aon le doiciméid tacaíochta ardcháilíochta, agus oiliúint tosaigh agus leantach leordhóthanach a chur ar fáil i ngach réimse meastóireachta, i ndlúthchomhar le Frontex agus leis na gníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí ábhartha eile);

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú ina thogra fógartha go mbeidh SEMM fós ina shásra solúbtha, ar féidir é a chur in oiriúint do na cúinsí atá ag teacht chun cinn, agus d'fhorbairtí ar *acquis* Schengen, amhail cur chun feidhme na hailtireachta nua TF agus an chreata nua idir-inoibritheachta sa réimse sin, agus gníomhaíochtaí oibríochtúla méadaitheacha Frontex agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais i gcur chun feidhme an *acquis*, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus chun iad féin a chur in oiriúint do réaltachtaí nua;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na sineirgí leis an measúnú leochaileachta atá faoi stiúir Frontex a léiriú go hiomchuí i gcreat SEMM, arb ionann iad, in éineacht le SEMM, agus córas rialaithe cáilíochta an Bhainistithe Chomhtháite ar Theorainneacha Seachtracha. Ba cheart dúbailt idir an dá shásra sin a sheachaint.